Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2024/1303

14.5.2024

**CINNEADH (AE) 2024/1303 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 29 Aibreán 2024**

**maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Phrótacail lena leasaítear an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin le haghaidh Comhpháirtíocht Eacnamaíoch**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(v), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa ([1]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2024/578 ([2]) ón gComhairle, síníodh an Prótacal lena leasaítear an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin le haghaidh Comhpháirtíocht Eacnamaíoch ('an Prótacal') a mhéid a bhaineann le saorshreabhadh sonraí an 31 Eanáir 2024, faoi réir a thabhairt i gcrích tráth is faide anonn.

(2) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) agus thug an Maoirseoir tuairim 3/2024 an 10 Eanáir 2024.

(3) Ba cheart an Prótacal a fhormheas thar ceann an Aontais,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, déantar an Prótacal lena leasaítear an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin le haghaidh Comhpháirtíocht Eacnamaíoch a fhormheas thar ceann an Aontais ([4]).

*Airteagal 2*

Tabharfaidh Uachtarán na Comhairle, thar ceann an Aontais, an fógra dá bhforáiltear in Airteagal 23.2 den Chomhaontú idir an tAontas agus an tSeapáin le haghaidh Comhpháirtíocht Eacnamaíoch, chun toiliú an Aontais Eorpaigh a bheith faoi cheangal ag an bPrótacal ([5]) a chur in iúl.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 29 Aibreán 2024.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

D. CLARINVAL

---

([1]) Toiliú an 14 Márta 2024 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

([2]) Cinneadh (AE) 2024/578 ón gComhairle an 29 Eanáir 2024 maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an Phrótacail lena leasaítear an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin le haghaidh Comhpháirtíocht Eacnamaíoch (IO L, 2024/578, 12.2.2024, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/dec/2024/578/oj).

([3]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

([4]) Foilsítear téacs an Phrótacail in IO L, 2024/1304, 14.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_prot/2024/1304/oj.

([5]) Foilseoidh Ardrúnaíocht na Comhairle dáta theacht i bhfeidhm an Phrótacail in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.